

©Nuala Ní Chróinín



### Bí ag Smaoineamh/Bí ag plé

Cén teideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?  
Cén fáth ar roghnaigh tú an teideal sin?

Samhlaigh tú féin sa phictiúr seo. Cá bhfuil tú? Céard atá ar siúl agat?  
Céard iad na rudaí éagsúla atá agat? (An bhfuil buicéad nó aon rud eile agat?)  
Céard a bhíonn le feiceáil ar an trá?  
Conas is féidir leat bheith slán, sábháilte ar an trá nó san fharraige?

Is leatsa an bád sa phictiúr. Cá rachaidh tú? Cé a bheidh leat?

### Bí ag Éisteacht nó ag Léamh

#### **Cois Trá**

*Gaineamh i mo chluasa  
Gaineamh i mo shrón  
Nuair a d'oscail mé mo mhála  
Bhí gaineamh i mo lón*

*Gaineamh i mo leaba  
Is faoi ingne mo lúidín  
Ach féach ar mo dheartháirín bocht  
Tá gaineamh ina chlúidín*

Áine Ní Ghlinn  
(*Bronntanais*), Cló Mhaigh Eo

Chum Tadhg Mac Dhonnagáin an t-amhrán  
**Cé a Chlúdaigh mé le Gaineamh?**  
(Dlúthdhiosca: *Ceol na Mara, Futa Fata*)

Scríobh Patricia Forde an dán **Cois Trá**  
(*Féasta Filíochta, Séideán Sí*)

Is féidir teacht orthu sin ar an dlúthdhiosca  
nó sa leabhar (nó ar an idirlíon)

An bhfuil aon dán nó amhrán eile ar eolas  
agatsa faoin trá?

## Bí ag Scríobh

### Roghnaigh tasc scríbhneoireachta amháin:

1. Scríobh *cinquain* (nó dán ar bith) faoin trá nó faoin bhfarraige

An bhfuil a fhios agat céard é *cinquain*? Is dán é ina bhfuil 5 líne. Bíonn méid áirithe siollaí nó focail i ngach líne. Ag an deireadh, diamant a bhíonn ann. (Tugann roinnt daoine *dán lóchrainn* air.)

### Treoir:

(Ní rialacha iad seo agus ní gá cloí leo. Is féidir leat do rialacha féin a chumadh. An príomhrud ná go mbíonn lóchrann nó diamant ann ag an deireadh.)

Líne 1: 1/2 shiolla ann. Go hiondúil seo teideal an dáin.

Líne 2: 2/3 shiolla ann. Déantar cur síos ar an teideal.

Líne 3: 3/4 shiolla ann. D'fhéadfadh aicsean éigin a bheith i gceist.

Líne 4: 2/3 shiolla ann. D'fhéadfadh mothúchán a bheith ann.

Líne 5: 1/2 shiolla ann. De ghnáth, bíonn ceangal idir an líne seo agus Líne 1.

### Samplaí:

|   |
|---|
| <p><i>Lá</i><br/><i>Cois trá</i><br/><i>Caisleán mór</i><br/><i>Buicéad</i><br/><i>Spraoi</i></p> |
|---|

|  |
|--|
| <p><i>Cois trá</i><br/><i>Muid ag spraoi</i><br/><i>Déanaim caisleán</i><br/><i>Leagaim é</i><br/><i>Gáire</i></p> |
|--|

|  |
|--|
| <p><i>Stoirm</i><br/><i>Tonnta móra</i><br/><i>An fharraige fhiáin</i><br/><i>Faitíos</i><br/><i>Orm</i></p> |
|--|

(Tabhair faoi deara gur chum mé mo rialacha féin. Bhris mé na rialacha go léir faoi na siollaí sa tríú ceann chun go mbeadh diamant ann ag an deireadh)

2. Scríobh scéal faoi lá a chaith tú ar an trá.
3. Chuaigh tú amach san fharraige i mbád. Scríobh scéal nó dán faoin turas.

### Do phictiúr féin

Gearr amach an pictiúr a rinne Nuala Ní Chróinín agus cuir i lár an leathanaigh é. Greamaigh den leathanach é agus cuir leis. Lean ort le do phictiúr féin thart timpeall air. (Is féidir leat do rogha rud a dhéanamh – daoine a chur isteach nó rud ar bith.)